## BORD BAINISTÍOCHTA 2019 - 2023



# Gaelscoil Thaobh na Coille

#### Bord Bainistíochta 2019 - 2023

Cathaoirleach : Máire Mac Gabhann
Cisteoir : Sharon Ní Cheallaigh
Rúnaí : Emer Nic Chonchradha
Ionadaithe an Phatrúin
Máire Mac Gabhann & Turlach Ó Meachair
Ionadaithe na dTuismitheoirí
Joe Ó Glacáin & Emma Uí Lionáin
Ionadaithe ón bPobal
Sharon Ní Cheallaigh & Ailín Ní Dhomhnaill
Príomhoide & Ionadaí Fóirne
Emer Nic Chonchradha & Máire Mhic Gabhann

## **Bord Bainistíochta Nua**

Is cúis mhór áthais dúinn a chur in iúl daoibh go bhfuil Bord Bainistíochta nua ag feidhmiú i nGaelscoil Thaobh na Coille ón Luan 09 Nollaig 2019. Tá meascán maith ó thaobh taithí de ag baill an Bhoird agus táimíd ag súil go mór le dul chun cinn agus forbairt éifeachtach na scoile a stiúradh sa téarma atá romhainn.

## **New Board of Management**

We are delighted to inform you that the new Board of Management is up and running as of last night, Monday the 9th of December. The Board has a good balance of skill and experience among its' members and we intend to continue to steer the development of our school effectively to the best of our abilities.

## Ról an Bhoird Bhainistíochta

Ceaptar bord bainistíochta bunscoile ar feadh téarma ceithre bliana. Is é téarma oifige na mbord bainistíochta nua ón 1 Nollaig 2019 gi dtí an 30 Samhain 2023.

Bainistíonn an Bord an scoil thar cheann an phatrúin (An Foras Patrúnachta) agus tá sé freagrach don phatrún agus don Aire. Is é an Príomhoide atá freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-airítear na múinteoirí agus an foireann eile a threorú agus a stiúradh, agus tá sí cuntasach as an mbainistíocht sin.

Ní mór don Bhord cur chuige dírithe ar an leanbh a ghlacadh ina chuid oibre ar fad. Caithfidh sé aird a bheith aige ar leas éifeachtach a bhaint as achmhainní (go háirithe na deontais a chuireann an Stát ar fáil), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasaíocht do scoláirí, dá dtuismitheoirí agus don

phobal. Chomh maith leis sin caithfidh an Bord spiorad sainiúil (éiteas) na scoile a chosaint agus a bheith cuntasach don phatrún as sin a dhéanamh.

## **Role of the Board of Management**

Boards of management of primary schools are appointed for a four year term. The term of office for new boards of management is from 1 December 2019 to 30 November 2023.

The Board manages the school on behalf of the patron (An Foras Patrúnachta) and is accountable to the patron and the Minister. The principal is responsible for the day-to-day management of the school, including guidance and direction of the teachers and other staff of the school, and is accountable for that management.

The Board should adopt a child-centred approach to all of its work. It must also have regard to the efficient use of resources (particularly the grants provided by the State), the public interest in the affairs of the school and accountability to students, parents and the community. The Board must also uphold the characteristic spirit (ethos) of the school and is accountable to the patron for so doing.

## **Buíochas**

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le baill an tsean-bhoird as ucht na h-oibre a rinne siad sa téarma bainistíochta ó mhí na Samhna 2015 go Nollaig 2019. Is liosta le háireamh an méid atá déanta acu ar son na scoile agus tá anchreidiúint ag dul dóibh as ucht a ndíograis, a ndúthracht agus a mbuanseasmhacht. Táimíd thar a bheith buíoch do bhaill an bhoird atá ag fanacht linn ar feadh téarma eile. Cabhraíonn sé seo go mór le leanúnachas agus dea-thuiscint ó thaobh cúrsaí Boird de.

## **Thanks**

We would like to take this opportunity to thank the members of our outgoing Board for all that they have done for the school during their term in office (November 2015 – 2019). Great credit is due to each and every one of them for their hard work, diligence, and perseverance over the last four years. We would like to thank the former Board members who have agreed to continue on the Board for another term of office. Their expertise and understanding of the work of the Board is a great asset and also ensures that there is continuity from one Board to the next.

# Bord Bainistíochta Nollaig 2019

Leathanach 2

## **Buíochas le Oilibhéar & Conor**

Ba mhaith linn buíochas an-mhór a ghabháil le Conor Mac Daid & le hOilibhéar Ó hAodha atá ag seasamh síos ón mBord taréis tréimhsí fada seirbhíse. We would like to thank Conor Mac Daid & Oilibhéar Ó hAodha who are stepping down from the Board after many years of service.

## Oilibhéar Ó hAodha

Tá Oilibhéar linn mar thuismitheoir i nGaelscoil Thaobh na Coille ón mbliain 1996 nuair a thosaigh a mhac Daire sa scoil. Ní raibh sé ach bliain sa scoil nuair a mealladh é ar an mBord i 1997, áit ar bronnadh ról an Chathaoirligh air! Ghlac sé sos beag ón mBord nuair a tháinig téarma an Bhoird sin chun deiridh i 2000 ach d'éirigh linn é a tarraingt ar ais arís é i 2003 ar feadh téarma eile! Nuair a tháinig folúntas ar an mBord ag tús mí Eanair 2013 phiocamar suas an guthán agus d'impíomar ar Oilibhéar teacht i gcabhair orainn arís - rud a rinne sé agus bhí sé linn ó shin. Tá trí bliana déag seirbhíse ar tugtha aige don scoil agus don Bhord agus é cabhrach, dearfach & dea-chroích i gcónaí.

Oilibhéar's journey with Gaelscoil Thaobh na Coille began way back in 1996 when his son Daire started in junior infants. He was barely a year in the school when he was enticed onto the Board of Management in 1997 and accepted the role of Chairperson! He took a short sabatical from the Board when that Board's term of office came to an end in 2000 but we managed to draw him back again for another term in 2003! When a vacancy arose on the Board in 2013 we picked up the phone to our good friend and asked Oilibhéar to come to our aid once again - which he did without hesitation and he has been with us ever since. Oilibhéar was given 13 years service in total to the school and Board of



Oilibhéar Ó hAodha, Máire Mac Gabhann & Eilís Mhic Beinéid i mbun barbaiciú Lá Spóirt Meitheamh 1998!



Hector Ó hEochagáin, Lorcán Mac Gabhann & Conor Mac Daid Oscailt Oifigiúil Márta 2010

Management and he has contributed in an extremely positive, helpful & good natured way.

## **Conor Mac Daid**

Tá dhá bhliain déag i ndiaidh a chéile caite ag Conor ar Bhord Bainistíochta na scoile. Ceapadh é ar dtús mar ionadaí na dtuismitheoirí i 2007 ach nuair a sheas Cathaoirleach an Bhoird síos ar chuinsí pearsanta bliain isteach ina dhara théarma i 2012 ghlac Conor an fhreagracht mhór sin air féin agus is é a bhí mar Chathaoirleach ar an mBord ó shin i leith. Duine uasal, discréideach, tuisceanach, foighneach, cneasta, cabhrach, réidh is ea Conor a thug a chuid ama go flaithiúil don scoil. Tá an-ghrá ag Conor don Ghaeilge agus é an-dílis di. Bhí an t-ádh linn duine chomh cumasach leis a bheith mar Chathaoirleach ar bhord bainistíochta na scoile. Agus táimíd an-bhuíoch dó as an tréimhse fada seirbhíse a thug sé ar mhaithe leis an scoil agus an oideachas lán-Ghaeilge.

Conor has been a Board member for the last twelve years. He was elected as a parent representative in 2007 but in 2012 when the Chairperson of the day stood down for personal reasons during Conor's second term of office, he took on the mantle of Chairperson and has held that position ever since. Conor is an extremely disceet, discerning, understanding, patient, sincere, helpful, level-headed person who has generously given of his time to the school. Conor has a great love of the Irish langauge and promotes the use of the language where possible in his work place. We we very lucky to have a person of his calibre as the Chairperson of the Board of Management. We are very grateful to him for his long service to the school and to Irish medium education.

Míle, míle buíochas libh beirt.

## **Bord Bainistíochta Nua**

Táimid thar a bheith sásta le comhdhéanamh an Bhoird nua agus creidimíd go mbeidh sé ar chumas na baill sár-chúram a dhéanamh do dhul chun cinn agus dea-fhorbairt na scoile.

We have an excellent team on our Board of Management and I know that its' members will continue to work to the best of their abilities for the good of our school and its' children.

## **BUNBHEATHÁISNÉIS GEARR AR BHAILL AN BHOIRD**

**SHORT PERSONAL PROFILE OF BOARD MEMBERS** 

#### IONADAITHE AN PHATRÚIN PATRONS' REPRESENTATIVES

#### Máire Mac Gabhann

Tá cónaí ar Mháire Mac Gabhann in Áth an Ghainimh. Tá triúr clainne aici Clíona 28, Ciarán 26, & Séadhna 24 a d'fhreastal ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ó 1995 ar aghaidh. Ba iad Máire agus Lorcán Mac Gabhann a thosaigh feachtas thiar i 1994 le Gaelscoil a bhunú le freastal ar pháistí cheantair Áth an Ghainimh. Chuireadar coiste bunaithe le chéile agus tar éis go leoir cruinnithe agus anchuid oibre d'oscail Gaelscoil Thaobh na Coille i gCumann Rugbaí De La Salle Palmerston i gCill Tiarnáin i Meán Fómhair 1995 le 20 dalta agus múinteoir amháin - Emer Nic Chonchradha. Bhí a hiníon Clíona i measc na ndaltaí a thosaigh sa scoil ar an lá bródúil sin. Chaith Máire blianta fada ar Chosite na dTuismitheoirí agus bhí sí lárnach i ngníomhaíochtaí uile na scoile agus a páistí ag freastal ar an scoil. Tá Máire díreach imithe amach ar scor tar éis 35 bliana a chaitheamh ag obair le Foras na Gaeilge. Chaith sí a blianta tosaigh oibre mar aeróstach in Amman agus Jordan agus ag obair le Comhdháil Náisiúunta na Gaeilge & Gael Linn. Bhí an-dúil ag Máire sa Ghaeilge i gcónaí agus chaith sí blianta mar bhaill de Bhord Bainistíochta Choláiste Íosagáin fad is a bhí a hiníon Clíona ar scoil ann.

Máire Mac Gabhann lives in Sandyford. Her three children Clíona 28, Ciarán 26, & Séadhna 24 attended Gaelscoil Thaobh na Coille from 1995 onwards. Máire and Lorcán Mac Gabhann started a campaign back in 1994 to establish a Gaelscoil in the Sandyford area. After many meetings and hours of hard work Gaelscoil Thaobh na Coille opened its doors in De La Salle Palmerston Rugby Club in Kilternan, in September 1995 with 20 pupils and one teacher — Emer Nic Chonchradha. Her eldest child Clíona was amongst the pupils who started school on that momentous day. Máire spent many years as a member of Coiste na dTuismitheoirí and was involved in all Coiste and parent activities while her child attended the school. Máire has just retired having spent the last 35 years working for Foras na Gaeilge. Prior to that she worked as an airhostess in Amman and Jordan as well as working for Comhdháil na Gaeilge and Gael Linn.



Máire has always had a love of the Irish language and was а member of the BOM in Coláiste Íosagáin while her daughter attended the school.

#### Máire Mac Gabhann le Lydia Ní Rathaill (iar-dhalta ó rang 1995) Dinnéar an Oscailt Oifigiúil - Márta 2010

## Turlach Ó Meachair

D'fhreastal Turlach ar Scoil Naithí i mBaile an tSaoir 'sna seachtóidí go luath taréis bunú na scoile sin. Ba é Turlach an chéad duine ina chlann le freastal ar Ghaelscoil agus lean sé ar aghaidh sa chóras Gaelscolaíochta tré fhreastal ar Choláiste Eoin sa mheánscoil. i gcúrsaí peile agus



Tá an-spéis ag Turlach

Aoibeann & Turlach Ó Meachair le Corn Peile Chumann

i gcúrsaí neile agus

na mBunscol - Deireadh Fómhair 2019

iomána agus thosaigh sé ag imirt peil agus iománaíocht le Cumann CLG Naomh Eoin i mBaile an tSaoir agus é deich mbliana d'aois nuair a bunaíodh an cumann sin. Is ball ghníomhach é de chumann CLG Nmh. Eoin ó shin agus chaith sé roinnt ama mar oifigigh Gaeilge ar an bord. Tugann Turlach anchabhair don scoil agus do na múinteoirí tré chuidiú le traenáil fóirne CLG na scoile. Chaith Turlach roinnt blianta ag obair le Park Developments agus roinnt eile i mbun tí agus ag tabhairt aire dá pháistí Cael Bl3 Coláiste Eoin, Aoibheann R6 agus Saoirse R3. Tá sé fostaithe anois mar airíoch in Gaelscoil Shliabh Rua.

Turlach attended Scoil Naithí, in Ballinteer in the seventies shortly after the school was founded. He was the first member of his family to attend a Gaelscoil and he continued his education through the medium of Irish when he attended secondary school in Coláiste Eoin. Turlach is passionate about football and hurling and he first started playing when he was ten years of age with

St. Johns GAA Club, the year the club was founded. He is still an active member of the club and spent some years as the Irish officer on the club's Board. Turlach is very supportive of the school and helps the teachers with the training of our GAA teams. After college Turlach spent a couple of years working for Park Development & several years after that at home looking after his 3 children, Cael BI 3 Coláiste Eoin, Aoibheann R6B and Saoirse R3A. He is currently employed as caretaker Gaelscoil Shliabh Rua.



Leathanach 4

#### IONADAÍ NA MÚIINTEOIRÍ TEACHERS REPRESENTATIVE

#### Emer Nic Chonchradha Príomhoide

Is as an gCarraig Dhubh d'Emer. Tógadh le Gaeilge í agus d'fhreastal sí ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus ar Choláiste Íosagáin i Stigh Lorgan. Bhí a tuismitheoirí an-ghafa le bunú na scoileanna sin agus bhí a máthair ach go háirithe an-ghníomhach ar choistí tuismitheoirí agus bainistíochta sa dá scoil sin. Bhí Emer gafa ar feadh na mblianta le cúrsaí samhraidh gaeltachta. Mhúin sí i nGaelscoil Chearbhaill Uí Dhálaigh i Léim an Bhradáin ar feadh naoi mbliana sular thosaigh sí mar phríomhoide i nGaelscoil Thaobh na Coille nuair a bunaíodh an scoil i 1995. Tá Emer thar a bheith bródúil as daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile as a bhfuil bainte amach ag an scoil ó bunaíodh í 23 bliana ó shin.

Emer was brought up through Irish in Blackrock. She attended Scoil Lorcáin in Monkstown and Coláiste Íosagáin in Stillorgan. Her parents were actively involved in setting up both schools and her mother, in particular was a very active member of the parents' committees in both schools. Emer worked for many years on Irish Language Courses in the Gaeltacht. She taught for nine years in Gaelscoil Chearbhail Uí Dhálaigh in Leixlip before taking up the position of principal when Gaelscoil Thaobh na Coille opened its' doors in 1995. Emer is extremely proud of the pupils, parents and staff, past and present, who have contributed in so many different ways to making Gaelscoil Thaobh na Coille the wonderful and successful school that it is today.

#### Máire Mhic Gabhann Múinteoir

Is múinteoir í Máire ar fhoireann Ghaelscoil Thaobh na Coille. D'fhreastal sí ar Choláiste Íosagáin agus tá a triúr páiste féin ag freastal ar Choláiste Íosagáin agus ar Choláiste Eoin anois tar éis dóibh a gcuid bunscolaíochta a fháil anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille. Chaith Máire dhá thréimhse ar Choiste na dTuismitheoirí áit gur chuir sí aithne mhaith ar thuismitheoirí na scoile. Tá an-suim ag Máire i dteangacha go háirithe an Ghaeilge agus an Fhraincís. Chaith sí trí bliana ag obair i scoil dhá-theangach i bPárás go luath tar éis di an coláiste a fhágáil. Tá cónaí uirthi sa cheantar.

Máire is a member of the teaching staff here in Gaelscoil Thaobh na Coille. She attended secondary school in Coláiste Íosagáin and her 3 children are now attending Coláiste Eoin & Coláiste Íosagáin having completed their primary education in Gaelscoil Thaobh na Coille. Máire spent 2 terms on Coiste na dTuismitheoirí, where she got to know the parents of the school very well. Máire is extremely interested in languages, Irish and French in particular. She spent three years teaching in a bi-lingual school in Paris shortly after receiving her teaching degree. Máire lives in Sandyford.

## IONADAITHE NA DTUISMITHEOIRÍ PARENTS' REPRESENTATIVES

## Emma Uí Lionáin

Tá triúr páiste ag Emma sa scoil - Darragh (R3A), Zoe (R1B) agus Ruairí (N1C). Rugadh agus tógadh í i Loch Garman agus bhí dúil mhór aici sna teangacha, an Ghaeilge ach go háirithe agus í ar scoil. Tá sí an-sásta go bhfuil an deis ag a páistí freastal ar Ghaelscoil mar nach raibh an deis sin aici féin agus í ag fás aníos. Tugann sé deis di a cuid Gaeilge féin a chleachtadh agus a úsaid ar bhonn laethúil rud a thaithníonn go mór leí. Is ball ghníomhach de Choiste na dTuismitheoirí í Emma ó 2015/2016 agus baineann sí an-taitneamh as an obair a bhíonn ar siúl ag an gCoiste. Chuidigh sé leí aithne a chuir ar thuismitheoirí eile agus páirt níos mó a ghlacadh i saol na scoile.

Emma's three children Darragh (R3A), Zoe (R1B) and Ruairí (N1C) attend Gaelscoil Thaobh na Coille. Emma was born and raised in Wexford. She had a keen interest in languages, especially Irish when she was in school. She is delighted that her children have the opportunity to attend a Gaelscoil as there were no Gaelscoileanna in her area that she could attend when she was a child. Emma loves the fact that she can now practise and use her Gaeilge on a daily basis in and around the school. Emma has been an active member of Coiste na dTuistí since 2015/2016 and she thoroughly enjoys the work undertaken by the Coiste. Being a member of the Coiste has meant that Emma has gotten to know many new parents and participate more fully in school life.

#### Joe Ó Glacáin

Rugadh agus tógadh Joe Ó Glacáin sa Ghaeltacht i nDún na nGall. Tá beirt pháiste leis ag freastal ar Ghaelscoil Thaobh na Coille, Oisín (N2A) agus Muireann (R2A). Tá dhá bhliain agus leath caite aige mar bhall de Choiste na dTuismitheoirí agus an bhliain deirneach caite aige mar Chathaoileach. Tá spéis mhór aige sa Ghaeilge agus i ngach rud a bhaineann leis an gcultúr Gaelach.

Joe Ó Glacáin was born and raised in the Donegal Gaeltacht. Both his children Oisín (N2A) and Muireann (R2A) attend Gaelscoil Thaobh na Coille. Joe has been an active member of Coiste na dTuismitheoirí for the last 2 and a half years and has been Cathaoirleach for the last year. He is extremely interested in the Irish language and culture.

#### IONADAITHE ÓN BPOBAL REPRESENTATIVES FROM THE COMMUNITY

#### Sharon Ní Cheallaigh

Rugadh Sharon i mBaile Átha Cliath, ach bhog a clann go Baile Átha Troim i gCo. na Mí áit ar fhreastal sí ar an mbunscoil i nGaeltacht Rathcairn. D'fhreastal sí ar Coláiste Phobail Rathchairn go dtí an 4ú bliain agus chríochnaigh sí a meánscolaíocht ina dhiaidh sin i gColáiste Íosagáin. Tá grá mór ag Sharon don Ghaeilge agus chaith sí roinnt blianta mar dhalta agus mar chinnire le Colaiste na bhFiann. Tá triúr páiste, nó déagóirí, aici - Oran 17 atá ag freastal ar Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Saidhbh 14 atá i gColáiste Íosagain agus Dara 12 atá sa chéad bhliain i gColáiste Eoin. Bhí Sharon mar bhall de Choiste na dTuistmitheoirí sula ndeachaigh sí ar an mBord Bainistíochta. Agus í mar bhall den Choiste chuir sí aithne ar a lán tuismitheoirí de chuid na scoile agus rinne sí buan chairde nua. Tá téarma amháin caite aici cheanna féin mar ionadaí na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta,



Sharon Ní Cheallaigh & Seigfred Poullain Dinnéar Ceiliúrtha 20 bliana Feabhra 2016

Sharon was born in Dublin but her family moved to Trim in Co. Meath where she was very lucky to be able go to primary school in the Gaeltacht in Rathcairn. She attended Coláiste Phobail

Rathchairn up until 4<sup>th</sup> year and finished off her secondary education in Coláiste Íosagáin. Sharon has a great love of the Irish language and spent several years as a student and as a leader in Coláiste na bhFiann. She has three children, or teenagers, Oran 17, who attends Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Saidhbh 14, who is in Coláiste Íosagáin and Dara 12 who is in first year in Coláiste Eoin. Sharon was a member of the parent's committee before being elected on to the school's Board of Management. During her time on the parent's committee she got to know lots of parents in the school and made many new lifelong friends. Sharon has completed 1 term as the parent's representative on the Board of Management.

#### Ailín Ní Dhomhnaill

Is múinteoir í Ailín i gColáiste Íosagáin. D'fhreastal sí féin ar Choláiste Íosagáin mar dhalta ach i ndáiríre b'é a Daid a mhuscail grá don Ghaeilge inti sa chéad áit. Rinne sí staidéar ar an mBéarla agus ar Stair na hEalaíne agus í san ollscoil agus ní raibh sé i gceist aici a bheith ina múinteoir riamh! Tá an-spéis go deo ag Ailín sa drámaíocht agus i gcúrsaí amharchlanna agus is í Ailín atá ag stiúradh Ceoldráma na hidirbhliana i gColáiste Eoin/Íosagáin le blianta agus aon cheann déag déanta aici go dtí seo. Agus í ar shos ón mhúinteoireacht meánscoile le cúram a dhéanamh dá clann óg sa bhaile chaith sí tréimhse mar mhúinteoir páirtaimsire tacaíocht foghlama i nGaelscoil Thaobh na Coille, rud a thaithin go mór leí. Tá Ailín ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille le breis is ocht mbliana anois. Tá fás agus forbairt na Gaelscoile ó scoil bheag aon sraithe go scoil mhór feicthe ag Ailín mar mhúinteoir sa scoil í féin agus anois mar bhall den Bhord. Tá sí an-sásta gurbh fhéidir leí an ceangal a bhí aici leis an scoil a choinneáil agus a dhaingniú trén obair a dhéanann sí ar an mBord Bainistíochta. Ábhar bróid di daltaí a casadh uirthi i nGaelscoil Thaobh na Coille a fheiceáil ag siúl isteach le triail a dhéanamh do cheoldráma Eoin/Íosagáin, agus iad ina ndéagóirí muiníneacha, uasal.



Ailín Ní Dhómhnaill ag cur Colm Mac Giolla Phádgraig faoi agallamh Oscailt Oifigiúil Márta 20010

Ailín works as a secondary teacher in Coláiste Íosagáin. She is a past-pupil of Coláiste Íosagáin herself however it was her father who instilled a love of Irish in her as a young child. She studied English and History of Art at university and never planned to be a teacher! Ailín is extremely interested in drama and the arts and has directed the transition year musical in Coláiste Eoin/Íosagáin for many years with 11 productions so far under her belt. While on sabbatical from her teaching post in Coláiste Íosagáin to look after her young children at home Ailín took up a part-time position of learning support teaching in Gaelscoil Thaobh na Coille, which she really enjoyed. She has seen the school grow and develop from a small single stream school to its present size, first as a teacher and now as a Board member for over 8 years. Being a member of the Board has enabled her to remain connected to the school and play a small part in the school's growth and development. Ailín has loved seeing pupils she met in Gaelscoil Thaobh na Coille come in to audition for Coláiste Eoin/Íosagáin's Musical as confident, well-mannered teenagers.